Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Feabhra 2017**
**(OR. fr)**

**6593/1/17**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2012/0267 (COD)**

**CODEC 253**
**PHARM 6**
**SAN 71**
**MI 150**
**COMPET 138**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feistí leighis in vitro agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún **(an chéad léamh)**<br>- Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh |

1. Ar an 28 Meán Fómhair 2012, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE agus ar Airteagal 168(4) pointe c) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa uaidh a thuairim ar an 14 Feabhra 2013[2].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh ar an 2 Aibreán 2014[3].

[1] 14499/12.
[2] IO C 133 an 09/05/2013, lch 52.
[3] 8009/14.

4. Le linn an 3484ú cruinniú a bhí aici ar an 20 Meán Fómhair 2016, tháinig an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, i ndáil leis an Rialachán thuasluaite[4].

5. Tar éis an chomhaontaithe pholaitiúil sin, chonacthas go bhféadfadh sé go mbeadh iarmhairtí neamhbheartaithe ag roinnt forálacha, go háirithe na forálacha idirthréimhseacha, ar an tionsclaíocht, ar na hothair agus ar na rialaitheoirí. Ar thionscnamh ó roinnt Ballstát, agus i gcomhréir leis na moltaí a fuarthas ó chomhaltaí áirithe de Pharlaimint na hEorpa, cinneadh go ndéanfaí aidhm an chomhaontaithe pholaitiúil a shoiléiriú i ndáil leis sin. Tháinig na Ballstáit ar fad, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún ar chomhaontú neamhfhoirmiúil maidir leis na léirithe teicniúla a rinneadh ar théacs an chomhaontaithe pholaitiúil i ndáil leis sin agus rinneadh iad a chur isteach sa téacs le linn do bhailchríoch dhlítheangeolaíoch a bheith á cur ar an téacs. Tá na forálacha ábhartha liostaithe faoi phointe 12 den dréachtráiteas ar chúiseanna na Comhairle in 10729/16 ADD 1.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a léirítear in 10729/16 agus an ráiteas ar na cúiseanna atá in 10729/16 ADD 1, a ghlacadh mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo;
- a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

---

[4] I gcomhréir leis an litir dar dáta an 16 Meitheamh 2016 ó Chathaoirleach Choiste Pharlaimint na hEorpa um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, chuig cathaoirleach Coreper, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas gan aon leasú a dhéanamh air.